# Thekla Beere

## Trína Súile

**Féach ar an bhfíseán ar dtús faoi Thekla Beere. Cabhróidh an ghluais seo leat.**

| | |
|---|---|
| Breoite | Tinn |
| Coláiste na Tríonóide | Ollscoil i mBaile Átha Cliath |
| Biocáire | Saghas sagairt in Eaglais na hÉireann |
| Constaicí | Baic |
| Oiliúint | Múineadh |
| Scoláire oilte | Dalta an-chumasach |
| Airgead gann | Fíorbheagán airgid |
| Liúntas | Suim airgid a thugtar do dhuine ar bhonn rialta, de ghnáth |
| Cléireach | Oifigeach sóisearach sa státseirbhís |
| Ardú céime | Dul chun cinn sa jab |
| Scoláireacht | Gradam nó duais a thugtar do dhaoine chun breis oideachais a bhaint amach |
| Gléas brathadóireachta bréige | Gléas a fhiosraíonn an bhfuil bréag á hinsint as an duine atá atá ceangailte leis |
| Marbhánta | Leamh, leadránach |
| Rúnaí roinne | An duine atá i gceannas roinne |
| Loingeas tráchtála | Longa a bhaineann le cúrsaí trádála agus gnó |
| Coimisiún um Stádas na mBan | Daoine a d'fhéach ar an saghas stádais a bhí ag mná in Éirinn ag deireadh na seascaidí/tús na |

# Thekla Beere

## Trína Súile

**Anois, féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| Bhí sláinte mhaith ar Thekla Beere agus í ina cailín óg | F |
| D'fhreastail athair Thekla ar Choláiste na Tríonóide | |
| Mhúin máthair Thekla í agus í ina cailín óg | |
| D'fhreastail sí ar scoil den chéad uair nuair a bhí sí 14 bliana d'aois. | |
| Ghlac Thekla le jabanna beaga le híoc as an gcoláiste | |
| Níor oibrigh Thekla riamh sa státseirbhís | |
| Caitliceach a bhí i Thekla Beere | |
| Chaith Thekla dhá bhliain i Meiriceá ar scoláireacht i lár na bhfichidí | |
| Bhuail Thekla le Príomh-Aire na Breataine le linn di a bheith i Meiriceá | |
| Ba i Thekla Beere an chéad bhean riamh a fuair post mar léachtóir le staitisticí in ollscoil in Éirinn | |
| Ní dhearna Thekla aon dul chun cinn sa státseirbhís | |
| Bhí an-spéis ag Thekla sa sacar | |
| Bhí Thekla ar dhuine de chomhbhunaitheoirí An Óige sa bhliain 1931 | |

# Thekla Beere

## Trína Súile

**Anois, ag obair leis an duine in aice leat, meaitseálaigí tús na n-abairtí seo a leanas leis an deireadh ceart. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| **Bean cheannródaíoch san** | Na mban sa saol gairmiúil in Éirinn |
| D'fhreastail sí ar Choláiste Alexandra | **Fhichiú haois in Éirinn ba ea Thekla Beere** |
| Throid Thekla ar son chearta | Choláiste na Tríonóide |
| Bhain Thekla céim chéad onóracha amach sa Dlí ó | An Óige sa bhliain 1931 |
| Sháraigh Thekla a lán constaicí le linn | I lár chathair Bhaile Átha Cliath |
| Bhunaigh Thekla, i dteannta daoine eile, an eagraíocht | Roinn Iompair agus Fuinnimh |
| Bhí Thekla i Meiriceá nuair a bhí díospóireacht ar siúl faoin Acht | Choimisiún um Stádas na mBan |
| Sa bhliain 1959 ceapadh Thekla ina rúnaí ar an | Leis an mbac pósta agus nithe eile |
| Bhí Thekla ar an gcéad chathaoirleach ar | Um Chosaint ar Alcól |
| Ba é ceann de na cuspóirí a bhí ag Coimisiún um Stádas na mBan ná deireadh a chur | Darbh ainm Tuairisc Beere sa bhliain 1972 |
| Scríobh Thekla tuairisc thar a bheith tábhachtach | A saoil phearsanta agus le linn a saoil ghairmiúil chomh maith |

# Thekla Beere

## Trína Súile




**Anois, ag obair le do pháirtí ranga tugaigí faoin gceacht seo ar Thekla Beere.**

Scoláire, lasmuigh, céad, fuinnimh, gairm bheatha, cúlra, státseirbhís, athruithe,

________ cinniúnach do mhná na hÉireann ba ea an fichiú haois. Tháinig _________ móra ar shaol an-chuid ban le linn na haoise seo caite. Thosaigh i bhfad níos mó ban ag glacadh páirte sa saol poiblí agus sa saol oibre ________den teach. Duine de na mná ceannródaíocha seo a raibh ________ __________an-rathúil aici ba ea Thekla Beere. Ba as ________ Protastúnach di. D'éirigh thar cionn léi mar __________ i gColáiste na Tríonóide agus rinne sí dul chun cinn an-tapa a luaithe agus a chuaigh sí isteach sa___________. Sa bhliain 1959 ceapadh í ina rúnaí ar an Roinn Iompair agus __________. Ócáid stairiúil ba ea í sin mar níor ceapadh bean ina rúnaí roinne riamh cheana i stair an stáit. Níl aon amhras faoi mar sin ach gur bean cheannródaíoch amach is amach ba ea Thekla Beere.

**Féinmheasúnú: breac síos cúig fhíric stairiúla atá foghlamtha agat faoi Thekla Beere.**

1)______________________________________________________________________________
2)______________________________________________________________________________
3)______________________________________________________________________________
4)______________________________________________________________________________
5)______________________________________________________________________________



# Thekla Beere

## Trína Súile

**Taighde:**

**Rinneadh plé ar athruithe móra sóisialta do mhná in Éirinn san fhíseán ar Thekla Beere. Tharla cuid mhaith de na hathruithe sin in Éirinn sna 1960idí agus sna 1970idí. Déan taighde ar líne agus déan cur síos ar chúig cinn d'athruithe móra a tháinig ar ról na mban in Éirinn san fhichiú haois. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

1. Fuarthas réidh leis an mBac Pósta in Éirinn sa bhliain 1973. Is éard a bhí sa Bhac Pósta ná an bac a bhí ar mhná pósta a bheith ag obair sa tseirbhís phoiblí. Bhí orthu éirí as an bpost nuair a phós siad. Bhí an bac seo i bhfeidhm i earnálacha eile san earnáil phríobháideach freisin.

# Thekla Beere

## Na Freagraí

1. Bréagach
2. Fíor
3. Fíor
4. Fíor
5. Fíor
6. Bréagach
7. Bréagach
8. Fíor
9. Bréagach
10. Fíor
11. Bréagach
12. Bréagach
13. Fíor

1. Bean cheannródaíoch san fhichiú haois in Éirinn ba ea Thekla Beere.
2. D'fhreastail sí ar Choláiste Alexandra i lár chathair Bhaile Átha Cliath.
3. Throid Theklaar son chearta na mban sa saol gairmiúil in Éirinn.
4. Bhain Thekla céim chéad onóracha amach sa Dlí ó Choláiste na Tríonóide.
5. Sháraigh Thekla a lán constaicí le linn a saoil phearsanta agus le linn a saoil ghairmiúil chomh maith.
6. A saoil phearsanta agus le linn a saoil ghairmiúil chomh maith an Óige sa bhliain 1931.
7. Bhí Thekla i Meiriceá nuair a bhí díospóireacht ar siúl faoin Acht Um Chosaint ar Alcól/
8. Sa bhliain 1959 ceapadh Thekla ina rúnaí ar an Roinn Iompair agus Fuinnimh.
9. Bhí Thekla ar an gcéad chathaoirleach ar Choimisiún um Stádas na mBan.
10. Ba é ceann de na cuspóirí a bhí ag Coimisiún um Stádas na mBan ná deireadh a chur leis an mbac pósta agus nithe eile.
11. Scríobh Thekla tuairisc thar a bheith tábhachtach darbh ainm Tuairisc Beere sa bhliain 1972.

# Thekla Beere

## Na Freagraí

Céad cinniúnach do mhná na hÉireann ba ea an fichiú haois. Tháinig athruithe móra ar shaol an-chuid ban le linn na haoise seo caite. Thosaigh i bhfad níos mó ban ag glacadh páirte sa saol poiblí agus sa saol oibre lasmuigh den teach. Duine de na mná ceannródaíocha seo a raibh gairm bheatha an-rathúil aici ba ea Thekla Beere. Ba as cúlra Protastúnach di. D'éirigh thar cionn léi mar scoláire i gColáiste na Tríonóide agus rinne sí dul chun cinn an-tapa a luaithe agus a chuaigh sí isteach sa státseirbhís. Sa bhliain 1959 ceapadh í ina rúnaí ar an Roinn Iompair agus Fuinnimh. Ócáid stairiúil ba ea í sin mar níor ceapadh bean ina rúnaí roinne riamh cheana i stair an stáit. Níl aon amhras faoi mar sin ach gur bean cheannródaíoch amach is amach ba ea Thekla Beere.

